

# Físeáin: Fís - Grá ón Rúis don Ghaeilge

## Gníomhaíocht 1 – Meaitsáil:

- Déan iarracht na leaganacha Gaeilge agus Béarla thíos a mheaitseáil le chéile.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.
- Féach/Éist leis an mír físe agus féachaigí ar na freagraí arís.

term	téarma
opportunity	Rúiseach
dialects	laoch
Russian	spreagann
hero	deis
hardest	canúintí
encourages	is deacra
saor in aisce	too much
an iomarca	free

## Gníomhaíocht 2 – Ceisteanna Ginearálta::

- Féach/Éist leis an mír físe faoi dhó agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.

- 1) Cad as do Mharina?
- 2) Cad a spreag a suim sa Ghaeilge an chéad lá?
- 3) Cén chanúint a bhí ag an léachtóir?
- 4) Cén fhad atá caite aici in Éirinn?
- 5) Cén fhad a chaith sé sa Spidéal?
- 6) Cad a thaitníonn léi faoin nGaeilge

## Gníomhaíocht 3 – Líon na Bearnaí:

Féach/Éist leis an mír físe arís agus déan iarracht na bearnaí seo a líonadh.

- 1) Bhí \_\_\_\_\_ againn teacht anseo go Baile Átha Cliath.
- 2) An rud ar \_\_\_\_\_ go mór liom ná go bhfuil \_\_\_\_\_ éagsúla sa Ghaeilge.
- 3) Má thaitníonn rud éigin leat leanfaidh tú \_\_\_\_\_ agus ní bhíonn sé an-deacair.
- 4) Nuair a chloiseann daoine gur \_\_\_\_\_ mé agus go bhfuil mé in ann Gaeilge a labhairt bíonn \_\_\_\_\_ orthu.
- 5) Is teanga \_\_\_\_\_ í fós agus ba \_\_\_\_\_ í a labhairt.